ParlEU2013.ie

Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh
An Ghné Pharlaiminteach

Irish Presidency of the Council of the European Union
Parliamentary Dimension

06 Feabhra 2013

**Cuireadh chuig an gComhdháil Idirpharlaiminteach ar an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála agus ar an gComhbheartas Slándála agus Cosanta**
**24 ⁊ 25 Márta 2013**

A Chomhghleacaí, a chara,

Thar ceann Thithe an Oireachtais, cuireann sé áthas orainn cuireadh a thabhairt d'ionadaithe ó do Pharlaimint chuig an gcruinniú den Chomhdháil Idirpharlaiminteach ar an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála agus ar an gComhbheartas Slándála agus Cosanta, a thionólfar i mBaile Átha Cliath an 24 agus an 25 Márta 2013. Tá an cruinniú á eagrú mar chuid den ghné pharlaiminteach d'Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh le linn an chéad leath de 2013.

Iarraimid ort go caoin, dá bhrí sin, an cuireadh atá istigh leis seo ó Chathaoirleach an Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil agus ó Chathaoirleach an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Comhionannas a chur ar aghaidh chuig na coistí iomchuí i do Pharlaimint.

Is sinne le meas,

Seán Ó Bairéad TD
Ceann Comhairle
Dáil Éireann

An Seanadóir Pádraic de Búrca
Cathaoirleach
Seanad Éireann

*An Comhordaitheoir AE: Máirín Devlin, Teileafón: 00353 1 6183258, mairin.devlin@oir.ie*

eu2013.ie